TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ATHANASIOS RANTOS,
arna tabhairt an 2 Meitheamh 2022[1]

Cás C-100/21

QB
v
Mercedes-Benz Group AG, ar a dtugtaí Daimler AG roimhe seo

(Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Ravensburg (an Chúirt Réigiúnach, Ravensburg, an Ghearmáin))

(Tarchur chun réamhrialú — Comhfhogasú dlíthe — Treoir 2007/46/CE — Cineálcheadú mótarfheithiclí — Airteagal 18(1), Airteagal 26(1), agus Airteagal 46 — Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 — Airteagal 5(2) — Inneall díosail — Astaíochtaí truailleán — Laghdú ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine arna theorannú ag "fuinneog theochta" — Feiste sháraithe — Cosaint leasanna ceannaitheora aonair feithicle feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach — An ceart chun cúiteamh a fháil ón déantóir feithicle ar bhonn dliteanais thortaigh — Modh ríofa an chúitimh — Prionsabal na héifeachtachta — Airteagal 267 CFAE — Lánrogha breithimh aonair ceist a tharchur chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú)

I. Réamhrá

1. Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo a rinneadh i gcomhthéacs na gcásanna a thugtar os comhair na Cúirte le neamhchomhlíonadh fhorálacha dhlí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hastaíochtaí truailleán gásach, ocsaíd nítrigine (NOx) go háirithe, ag feithiclí d'inneall díosail. Ar an gcuma seo go háirithe, tá an Chúirt tar éis rialú cheana féin maidir leis sin i mbreithiúnas an 17 Nollaig 2020, *CLCV agus páirtithe eile (Feiste sháraithe innill díosail)* (C-693/18, "an breithiúnas in *CLCV* ", EU:C:2020:1040), maidir leis an sainmhíniú ar 'fheiste sháraithe', de réir bhrí Airteagal 3(10) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007,[2] agus na coinníollacha maidir le feiste den sórt sin a údarú, i bhfianaise Airteagal 5(2)(a) den Rialachán sin. Thairis sin, baineann Cásanna C-128/20 *GSMB Invest*; C-134/20, *Volkswagen*, chomh maith le C-145/20, *Porsche Inter Auto agus Volkswagen* ar thug mé Tuairim chomhpháirteach ina leith an 23 Meán Fómhair 2021,[3] le comhréireacht 'fuinneoige teochta' le dlí an Aontais, arna bhunú ag na bogearraí arna suiteáil ar an ríomhaire rialaithe atá feistithe ar na feithiclí lena mbaineann.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO 2007 L 171, lch. 1) arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 (IO 2008 L 199, lch. 1 "Rialachán Uimh. 715/2007").

[3] Tuairimí sna cásanna *GSMB Invest, Volkswagen agus Porsche Inter Auto agus Volkswagen* (C-128/20, C-134/20 agus C-145/20, EU:C:2021:758). Ní raibh rialú tugtha go fóill ag an gCúirt sna cásanna sin nuair a bhí an Tuairim seo á dréachtú.

2. Sa chás seo, fiafraíonn Landgericht Ravensburg (an Chúirt Réigiúnach, Ravensburg, an Ghearmáin) ar an gCúirt an mbronntar le Treoir 2007/46/CE, [4] arna léamh i gcomhar le Rialachán Uimh. 715/2007, an ceart chun cúiteamh a fháil ón déantóir feithicle do cheannaitheoir aonair feithicle nach gcomhlíonann teorainneacha astaíochtaí NOx atá leagtha síos sa Rialachán sin, ar bhonn dliteanais thortaigh, agus, más ea, ní mór do na Ballstáit modh ríofa an chúitimh a leagan síos chun dlí an Aontais a chomhlíonadh.

3. Féachann an chúirt a rinne an tarchur freisin lena fháil amach an gcuirtear cosc le hAirteagal 267 CFAE ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc ar bhreitheamh aonair a bhfuil dlínse aige rialú a dhéanamh ar an díospóid ceist a tharchur chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú ach amháin más rud é gur tharchuir sé an díospóid roimhe sin chuig dlísheomra sibhialta, a chinn gan an cás a éisteacht.

II. An dlí lena mbaineann

A. Dlí an Aontais Eorpaigh

1. Rialachán Uimh. 715/2007

4. De réir aithrisí 1, 5 agus 6 de Rialachán Uimh. 715/2007:

"(1) Cuimsíonn an margadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina gcaitear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. [...] Dá bhrí sin, ba cheart na riachtanais theicniúla a bhaineann le comhchineálú mótarfheithiclí maidir le hastaíochtaí a chomhchuibhiú sa dóigh nach mbeadh riachtanais dhifriúla ann ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú.

[...]

(5) Chun cuspóirí cáilíochta aeir an Aontais a bhaint amach, beidh gá le hiarracht leanúnach astaíochtaí ó fheithiclí a laghdú. [...]

(6) Is gá, go háirithe, laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine ó fheithiclí díosail chun cáilíocht an aeir a fheabhsú agus chun luachanna teorantacha truaillithe a chomhlíonadh. [...]"

5. Leagtar an méid seo a leanas amach i mír 1 den Rialachán sin, dar teideal "Ábhar":

"Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais chomhchoiteanna teicniúla maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí ('feithiclí') agus páirteanna athsholáthair, ar nós feistí athsholáthair rialaithe truaillithe, i dtaca lena n-astaíochtaí."

[4] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime) (IO 2007 L 263, lch. 1) arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 (IO 2017 L 175, lch. 1 "Treoir 2007/46").

6. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 3 den Rialachán sin, dar teideal "Sainmhínithe":

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha a bheart cur chun feidhme, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

10) ciallaíonn "feiste sháraithe" aon eilimint dearaidh lena mbraitear teocht, luas feithicle, luas innill (ISN), giar traiseolta, folús iolrúcháin nó aon pharaiméadar eile chun críocha oibriú aon chuid den chóras rialaithe astaíochta a ghníomhachtú, a mhodhnú, a mhoilliú nó a dhíghníomhachtú agus lena laghdaítear éifeachtúlacht an chórais rialaithe astaíochta i gcoinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo i ngnáthoibriú agus i ngnáthúsáid feithicle;

[...]"

7. In Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal "Riachtanais agus tástálacha", foráiltear, i míreanna 1 agus 2:

"1. Feisteoidh an déantóir na feithiclí ionas go mbeidh na comhpháirteanna deartha, déanta agus cóimeáilte ar dhóigh go bhféadfaidh an fheithicil, sa ghnáthúsáid, an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme a chomhlíonadh.

2. Toirmiscfear úsáid feistí sáraithe a laghdaíonn éifeachtúlacht na gcóras rialaithe astaíochtaí. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh call leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte;

[...]"

2. Treoir 2007/46

8. Foráiltear in Airteagal 1 de Threoir 2007/46,[5] dar teideal "Ábhar", mar seo a leanas:

"Bunaítear leis an Treoir seo creat comhchuibhithe ina bhfuil na forálacha riaracháin agus na ceanglais ghinearálta theicniúla maidir le gach feithicil nua laistigh dá raon feidhme a cheadú agus maidir leis na córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh na bhfeithiclí sin a cheadú, le háis a gcláraithe, a ndíol agus a gcur i seirbhís laistigh den [Aontas].

[...]

[5] Aisghaireadh Treoir 2007/46 le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO 2018 L 151, lch. 1) le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020, de bhua Airteagal 88 den Rialachán sin. Mar sin féin, i bhfianaise dháta na bhfíoras atá i gceist, leanfaidh Treoir 2007/46 de bheith infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí.

Déanfar ceanglais theicniúla shonracha maidir le déanamh agus feidhmiú feithiclí a leagan síos i gcur i bhfeidhm na Treorach seo i ngníomhartha rialála, a bhfuil a liosta uileghabhálach leagtha amach in Iarscríbhinn IV."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Foráiltear in Airteagal 18(1) den Treoir sin, dar teideal "Deimhniú comhréireachta":

Eiseoidh an déantóir, ina cháil mar shealbhóir de chineálcheadú CE feithicle, deimhniú comhréireachta a bheidh ag gabháil le gach feithicil, bíodh sí iomlán, neamhiomlán nó lánchríochnaithe, arna déanamh i gcomhréir leis an gcineál feithicle ceadaithe.

[...]"

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10. Foráiltear in Airteagal 26(1) den Treoir sin, dar teideal "Feithiclí a chlárú, a dhíol agus a chur i seirbhís":

"Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 29 agus 30, ní chláróidh na Ballstáit feithiclí agus ní cheadaítear iad a dhíol ná a chur i seirbhís ach amháin má tá deimhniú bailí comhréireachta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 18 ag gabháil leo.

[...]"

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11. Seo foclaíocht Airteagal 46 den Treoir sin, dar teideal "Pionóis":

"Cinnfidh na Ballstáit na pionóis is infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo, go háirithe na toirmisc atá in Airteagal 31, nó atá mar thoradh air, agus na gníomhartha rialála atá liostaithe i gCuid I d'Iarscríbhinn IV, agus glacfaidh siad gach beart is gá chun iad a chur chun feidhme. Ní mór do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin faoin 29 Aibreán 2009 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú arna dhéanamh orthu ina dhiaidh sin."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Dlí na Gearmáine

12. In Alt 823 den Bürgerliches Gesetzbuch (Cód Sibhialta; "BGB"), dar teideal "Oibleagáid cúiteamh ar dhamáiste a chur ar fáil", luaitear:

"1. Aon duine a dhéanfaidh, ag gníomhú le hintinn nó go faillíoch, dochar go neamhdhleathach do bheatha, do chorp, do shláinte, do shaoirse, do mhaoin nó ar d'aon cheart eile de chuid duine eile, dlifear ar an duine sin cúiteamh ar an damáiste a tharlóidh mar thoradh air sin a íoc leis an duine eile sin.

2. Tá feidhm ag an oibleagáid chéanna maidir le duine a sháraíonn dlí atá ceaptha chun duine eile a chosaint. Más rud é, de bhua ábhar an dlí, gur féidir é a shárú freisin gan locht, ní thagann an oibleagáid cúiteamh a chur ar fáil ach amháin i gcás lochta."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13. Foráiltear le hAlt 826 de BGB, dar teideal "Sárú le hintinn ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus prionsabail na moráltachta":

"Aon duine a dhéanann dochar do dhuine eile le hintinn, ar bhealach atá ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus prionsabail na moráltachta, dlifear air an damáiste sin a chúiteamh."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14. Tá an fhoclaíocht a leanas ag fo-mhír 1 d'Alt 6 den Verordnung über die EG-Genehmigung für Kraftfahrzeuge und ihre Anhänger sowie für Systeme, Bauteile und selbstständige technische Einheiten für diese Fahrzeuge (EG-Fahrzeuggenehmigungsverordnung) [Rialachán maidir le cineálcheadú CE mótarfheithiclí agus a gcuid leantóirí, agus ar chórais, ar chomhpháirteanna teicniúla agus ar leithligh arna gceapadh d'fheithiclí dá leithéid (Rialachán maidir le cineálcheadú CE mótarfheithiclí)],[6] an 3 Feabhra 2011 dar teideal "An deimhniú comhréireachta agus marcanna":

"Maidir le gach feithicil atá ag teacht leis an gcineál ceadaithe, eiseoidh sealbhóir chineálcheadú CE feithicle deimhniú comhréireachta de réir bhrí Airteagal 18 i gcomhar le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir [2007/46]. I gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Threoir [2007/46], ceapfar an deimhniú comhréireachta sa chaoi is go seachnófar falsú."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15. Foráiltear le hAlt 27(1) den Rialachán sin, dar teideal "Clárúchán agus díolachán":

"Ní fhéadfar feithiclí nua, aonaid theicniúla ar leithligh nó comhpháirteanna lena n-éilítear deimhniú comhréireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir [2007/46], le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2002/24/CE[7] nó le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/37/CE,[8] a thairiscint lena ndíol, a dhíol ná a chur ar an margadh sa Ghearmáin chun críocha trachta bóthair ach amháin má tá deimhniú comhréireachta bailí ag gabháil leo. Níl feidhm aige seo maidir le feithiclí de réir bhrí Airteagal 8 de Threoir [2003/37]."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 BGBl. 2011 I, lch. 126.

7 Treoir Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Márta 2002 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí dhá roth nó trí roth agus lena n-aisghairtear Treoir 92/61/CEE ón gComhairle (IO 2002 L 124, lch. 1).

8 Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le cineálcheadú tarracóirí talmhaíochta nó tarracóirí foraoiseachta, na leantóirí a ghabhann leo, mar aon le hinnealra idirmhalartaithe ar tarraingt agus a gcórais, lena gcomhpháirteanna agus lena n-aonaid theicniúla leithleacha agus lena n-aisghairtear Treoir 74/150/CEE (IO 2003, L 171, lch. 1).

16. Is mar a leanas an fhoclaíocht in Alt 348 den Zivilprozessordnung (Cód an Nós Imeachta Shibhialta; "an ZPO"), dar teideal "Breitheamh aonair tosaigh":

"(1) Is é an Dlísheomra Sibhialta a dhéanann an cinneadh trí dhuine dá chomhaltaí mar bhreitheamh aonair. Ní bheidh feidhm aige seo sna cásanna seo a leanas:

[...]

(3) Tarchuirfidh an breitheamh aonair an díospóid ar ais chuig an Seomra Sibhialta chun í a athscrúdú, más rud é

1. go bhfuil deacrachtaí fíorasacha nó dlíthiúla ar leith ag baint leis an gcás;

2. go bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leis an gcás, nó

3. go n-iarrann na páirtithe d'aon toil é sin.

Éistfidh an Dlísheomra an díospóid i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i bpointí 1 agus 2 den chéad abairt. Eiseoidh sé a chinneadh ina leith sin le hordú, tar éis éisteacht a thabhairt do na páirtithe. Cuirtear toirmeasc ar aistriú eile chuig an mbreitheamh aonair.

[...]"

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

III. An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

17. An 20 Márta 2014, cheannaigh QB mótarfheithicil Mercedes-Benz athláimhe ó Auto Y GmbH, múnla C 220 CDI ar 28591 km a míleáiste, ar phraghas EUR 29 999 ("an fheithicil atá faoi chaibidil"). Tá an fheithicil seo, a chuir an déantóir feithicle Daimler AG ar an margadh agus a cláraíodh den chéad uair an 15 Márta 2013, feistithe le hinneall díosail de chineál OM 651, den ghlúin Euro 5.

18. Tá bogearraí ríomhchláraithe innill san fheithicil sin lena soláthraítear fuinneog theochta ("na bogearraí lena mbaineann"), faoina laghdaítear ráta athshruthaithe gáis sceite nuair atá teochtaí seachtracha níos fuaire ("an fhuinneog teochta atá faoi chaibidil"), a bhfuil sé d'éifeacht aige astaíochtaí NOx a mhéadú. Cuireann na páirtithe sna príomhimeachtaí an teocht sheachtrach óna dtarlaíonn an laghdú ar ráta athshruthaithe gáis sceite agus méid an laghdaithe sin faoi dhíospóid.

19. Thug QB caingean i gcoinne Mercedes-Benz Group AG os comhair Landgericht Ravensburg (an Chúirt Réigiúnach, Ravensburg), an chúirt a rinne an tarchur, ag maíomh go n-áirítear leis na bogearraí lena mbaineann, chomh maith leis an bhfuinneog theochta atá faoi chaibidil, gairis sháraithe eile a thoirmisctear, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, lena laghdaítear éifeachtacht na gcóras rialaithe astaíochtaí truailleán faoi fhíorchoinníollacha tiomána ar an mbóthar. D'áitigh sé gur chuir Mercedes-Benz Group amú d'aon ghnó é ina leith seo, ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus prionsabail na moráltachta, agus go ndlitear ar an gcuideachta sin an damáiste a rinneadh a chúiteamh. D'áitigh QB freisin, i bhfianaise iompar

intinneach Mercedes-Benz Group, nach mbeadh aon chúiteamh dlite ar úsáid na feithicle atá faoi chaibidil. Mar réamhchúram, áfach, bheadh sé sásta liúntas a íoc le húsáid, de rogha na cúirte a rinne an tarchur, as an míleáiste a taistealaíodh. Mheas QB gur cheart go mbeadh cúiteamh bunaithe ar sciar 75 % ar a mhéad den phraghas ceannaigh, mar gheall ar chóras rialaithe astaíochtaí truailleán lochtach a bheith ann.

20. Dar le Mercedes-Benz Group, de thoradh an bhreithiúnais in *CLCV*, níl i bhfeiste sháraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, ach córas atá in ann coinníollacha saintréitheacha na tástála cineálcheadaithe le haghaidh astaíochtaí truailleán, a dhéantar sa tsaotharlann, agus astaíochtaí NOx trí ionramháil a bhrath chun críocha nós imeachta cineálcheadaithe CE amháin. Níl a leithéid de chóras ar an bhfeithicil atá faoi chaibidil, áfach.

21. Níl Mercedes-Benz Group tar éis a chur faoi dhíospóid go bhfuil ráta athshruthaithe gáis sceite laghdaithe cheana féin ó theocht sheachtrach os cionn 0 céim Celsius. Dá ndéanfaí an t-athshruthú ag teochtaí seachtracha ísle, dhéanfaí comhpháirteanna na ngás sceite a chomhdhlúthú, rud a d'fhágfadh go mbeadh fosuithe neamh-inmhianaithe éagsúla san inneall, agus d'fhéadfadh a fheidhmiú arís agus arís eile sa staid sin damáiste buan a dhéanamh. Dá bhrí sin, chun an t-inneall a chosaint, ba ghá athshruthú gáis sceite a laghdú i gcomhréir leis an teocht sheachtrach. Is próiseas tionsclaíoch é a bhí in úsáid le fada an lá ag gach déantóir feithiclí agus cuirtear san áireamh saintréithe fisiciúla agus teicniúla na n-inneall dócháin inmheánaigh. Dúirt Mercedes-Benz Group chomh maith, fiú amháin ar an tuiscint gur feiste sháraithe atá sa phróiseas sin de réir bhrí Rialachán Uimh. 715/2007, nach bhfuil a iompar ar neamhréir leis an mbeartas poiblí ná le prionsabail na moráltachta, agus é ag áitiú gur bhraith sé ar thuiscint chruinn, nó ar a laghad inchosanta, ar na rialacha a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le hastaíochtaí.

22. Mar mhalairt air sin, d'áitigh Mercedes-Benz Group nár fhulaing QB aon damáiste mar go raibh cineálcheadú CE bailí ag an bhfeithicil atá faoi chaibidil, go bhféadfaí í a úsáid gan srian agus nár chaill sí aon luach. Ina theannta sin, i gcomhthéacs seirbhíse a thairgtear saor in aisce, d'fhorbair agus chuir sé nuashonrú ar na bogearraí lena mbaineann don fheithicil atá faoi chaibidil ar fáil do QB.

23. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, de réir a measúnaithe shealadaigh, gurb ionann an fhuinneog theochta atá faoi chaibidil agus feiste sháraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 3(10) de Rialachán Uimh. 715/2007, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(2) de, i bhfianaise an bhreithiúnais in *CLCV*. Mar sin féin, níor thug Mercedes-Benz Group neamhaird ar bheartas poiblí ná ar phrionsabail na moráltachta, rud a thugann le tuiscint gurb ann d'iompar a bheadh incháinte go háirithe, ós rud é nach mór measúnú uileghabhálach a dhéanamh ar an intinn, an cuspóir, ar na modhanna agus ar na hiarmhairtí. I ndáil leis sin, ní féidir a chur as an áireamh, tráth a cuireadh an fheithicil atá faoi chaibidil ar an margadh, nach ndearna Mercedes-Benz Group iarracht damáiste a dhéanamh do cheannaitheoirí ionchasacha trína léiriú ar Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an ceart chun cúiteamh a fháil bunaithe ar dhliteanas tortach faoi Alt 826 de BGB a bheith ag QB.

24. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh QB ceart den sórt sin chun cúiteamh a bheith aige faoi Alt 823(2) de BGB, a thagraíonn d'fhaillí aonta. Glactar leis an bhforáil sin, áfach, go bhfuil sárú á dhéanamh ar dhlí chun daoine eile a chosaint, rud a chiallaíonn, de réir chásdlí an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme, an Ghearmáin), go bhfuil an dlí beartaithe, ar a laghad, le duine aonair nó grúpa daoine a chosaint ar shárú ar leas dlíthiúil ar leith. Is leor go bhfuil sé i gceist leis an dlí sin freisin leas duine aonair a chosaint, trí bheith ar cheann dá chuspóirí, fiú má

bhaineann sé go príomha leis an leas ginearálta. Thairis sin, tugtar le tuiscint leis an bhforáil sin go gcaithfeadh go ndearnadh damáiste iarbhír leis an gcontúirt a bhfuil sé i gceist leis an dlí cosaint a thabhairt ina coinne agus nach mór don duine a ndearnadh damáiste iarbhír dó teacht faoi raon feidhme pearsanta an dlí a sáraíodh. Dá bhrí sin, tá an tsaincheist ann an gcumhdaítear le hAirteagail 18(1), 26(1) agus 46 de Threoir 2007/46, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, anuas ar na leasanna ginearálta a chosaint, leasanna ceannaitheora aonair feithicle nach gcomhlíonann dlí an Aontais, go háirithe i gcás ina bhfuil sé feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach ar bhonn an Rialacháin sin.

25. Tá dearcthaí éagsúla ann maidir leis na saincheisteanna sin i gcásdlí agus i bprionsabal dlíthiúil na Gearmáine. Maidir leis sin, tá an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme) den tuairim, más rud é go ndéantar tagairt phearsanta freisin san fhaisnéis atá sa deimhniú comhréireachta, dá bhforáiltear i dTreoir 2007/46, do cheannaitheoir aonair feithicle, nach dtugann sí cosaint do cheart an cheannaitheora sin chun féinchinntiúcháin eacnamaíoch. Dar le cúirteanna náisiúnta eile, is cosaint aonair atá le sonrú in Airteagail 18(1), 26(1) agus 46 de Threoir 2007/46, chomh maith le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007.

26. De réir na cúirte a rinne an tarchur, fiú ag glacadh leis nach gcosnaítear leis na forálacha sin ach leasanna dlíthiúla ginearálta agus ní leasanna ceannaitheoirí aonair, d'fhéadfadh prionsabal na héifeachtachta a cheangal go ngearrfar pionós ar aon locht a dhéanann déantóir feithicle, go faillíoch nó go hintinniúil a dhéanann monaróir gluaisteán trí fheithiclí a chur ar an margadh atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, toisc go bhféadfadh an ceannaitheoir an ceart chun cúiteamh a fháil a dhearbhú i gcoinne an déantóra sin bunaithe ar dhliteanas tortach.

27. I gcás ina bhféadfadh QB leas a bhaint as ceart den sórt sin chun cúiteamh a fháil ar bhonn Alt 823(2) de BGB, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil sé riachtanach, chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt d'fhorálacha infheidhme dhlí an Aontais, nach ndéanfaí an tairbhe a bhaintear as úsáid na feithicle a fhritháireamh i gcoinne an chirt chun cúiteamh a fháil nó go ndéanfaí amhlaidh go pointe teoranta. Arís, bhí an cheist sin ina hábhar ag léirithe éagsúla sa chásdlí náisiúnta agus sa phrionsabal dlíthiúil náisiúnta. I ndáil leis sin, measann an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme), i bhfianaise an toirmisc ar shaibhriú éagórach a leagtar síos leis an dlí náisiúnta maidir le cúiteamh, nach féidir an duine díobhálaithe a chur i riocht níos fabhraí ná mar a bheadh aige gan an teagmhas díobhálach agus nach ceart ach na sochair a bhaineann leis an teagmhas sin a fhritháireamh i gcoinne an chirt chun cúiteamh a fháil, gan faoiseamh díréireach a thabhairt don duine is cúis leis an damáiste.

28. Ar deireadh, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil sé de cheangal ar an mbreitheamh tosaigh a bhfuil dlínse aige, faoi Alt 348(3)(1) agus (2) de ZPO, an cás a tharchur chuig dlísheomra sibhialta, ionas go bhféadfar é a athscrúdú más ann do dheacrachtaí fíorasacha ar leith nó má tá tábhacht bhunúsach ag baint leis an gcás.[9] Níl aon lánrogha ag an mbreitheamh aonair ina leith sin. Eascraíonn sé as cásdlí an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme) nach féidir leis an mbreitheamh iarraidh ar réamhrialú a dhéanamh ach amháin dá ndiúltódh an Dlísheomra an cás a éisteacht, i gcomhréir le prionsabal bunreachtúil an bhreithimh dhleathaigh atá leagtha síos sa dara habairt d'Airteagal 101(1) de Grundgesetz für die Bundesrepublik Deutschland (Dlí Bunúsach do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine), an 23 Bealtaine 1949.[10]

[9] Ina thuairimí i scríbhinn, d'áitigh QB go léirítear an cásdlí náisiúnta sa chaoi gurb é is brí leis ná go mbaineann ceist arna tarchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú le hábhar a bhfuil 'tábhacht bhunúsach' ag baint léi.

[10] BGBl. 1949, lch. 1.

29. Measann an chúirt a rinne an tarchur, de réir an phrionsabail dhlíthiúil, nár cheart don dlí nóis imeachta náisiúnta difear a dhéanamh don fhéidearthacht go ndéanfaí iarraidh ar réamhrialú faoin dara mír d'Airteagal 267 CFAE, go háirithe i gcás ina measann an chúirt lena mbaineann go bhféadfadh cinneadh atá ar neamhréir le dlí an Aontais a bheith mar thoradh ar mheasúnú dlíthiúil na cúirte ní ba airde. Dá réir sin, is léir ón dara mír d'Airteagal 267 CFAE nach bhfuil Alt 348(3)(1) agus (2) de ZPO infheidhme maidir le horduithe tarchuir arna ndéanamh ag an mbreitheamh aonair tosaigh. Sa chás seo, mura bhfuil tosaíocht dhlí an Aontais maidir le dlí nóis imeachta náisiúnta bunaithe go sainráite, d'fhéadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne dhlínse na cúirte aonair i gcomhthéacs imeachtaí achomhairc.

30. Sna na himthosca sin, chinn Landgericht Ravensburg (an Chúirt Réigiúnach, Ravensburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"1) An bhfuil sé d'aidhm freisin ag Airteagail 18(1), 26(1) agus 46 de [Threoir 2007/46], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(2) de [Rialachán Uimh. 715/2007], leasanna ceannaitheoirí aonair mótarfheithiclí a chosaint?

Má tá:

2) An áirítear leis sin leas ceannaitheora aonair feithicle gan feithicil a cheannach nach gcomhlíonann ceanglais dhlí an Aontais, agus go háirithe gan feithicil a cheannach atá feistithe le feiste sháraithe toirmiscthe i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de [Rialachán Uimh. 715/2007]?

Má thugtar freagra diúltach ar an gcéad cheist:

3) An bhfuil sé ar neamhréir le dlí an Aontais nach bhfuil ceannaitheoir a cheannaíonn feithicil go neamhaireach arna cur ar an margadh ag an déantóir ar a bhfuil feiste sháraithe toirmiscthe i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 i dteideal éilimh shibhialta ar bhonn dliteanais thortaigh a thabhairt i gcoinne an mhonaróra, go háirithe éileamh ar aisíocaíocht an phraghais cheannaigh a íocadh don fheithicil ag an am céanna le haistriú úinéireacht na feithicle, ach amháin in imthosca eisceachtúla inar ghníomhaigh déantóir na feithicle le hintinn agus ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus le prionsabail na moráltachta?

Má tá:

4) An gceanglaítear le dlí an Aontais ar cheannaitheoir feithicle an ceart chun cúiteamh a fháil a bheith aige bunaithe ar dhliteanas tortach sibhialta dhéantóir na feithicle i gcás ina ndearna an déantóir sin locht (go faillíoch nó le hintinn) trí fheithicil a chur ar an margadh a bhí feistithe le feiste sháraithe atá toirmiscthe i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007?

Beag beann ar na freagraí ar na chéad cheithre cheist:

5) An bhfuil sé ar neamhréir le dlí an Aontais nach mór do cheannaitheoir feithicle a bheith faoi dhliteanas faoin dlí náisiúnta as an tairbhe a bhaintear as úsáid iarbhír na feithicle a fhritháireamh má éilíonn sé ón déantóir, ar bhonn dliteanais thortaigh, go n-aisíocfar praghas ceannaigh feithicle atá feistithe le feiste sháraithe toirmiscthe i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 an tráth céanna a ndéantar an fheithicil a thabhairt ar ais agus a húinéireacht a aistriú?

   Mura bhfuil:

6) An bhfuil sé ar neamhréir le dlí an Aontais go bhfuil an tairbhe sin a bhaintear as an úsáid le ríomh ar bhonn phraghas ceannaigh iomlán na feithicle, gan aon laghdú a dhéanamh i leith laghdú luacha mar thoradh ar fheiste sháraithe a thoirmeasctar a fheistiú agus/nó úsáid feithicle nach bhfuil ag teastáil ón gceannaitheoir, nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais?

   Beag beann ar na freagraí ar na chéad sé cheist:

7) An bhfuil Alt 348(3) de ZPO, a mhéid a bhaineann an fhoráil sin le horduithe tarchuir a ghlacadh faoin dara mír d'Airteagal 267 CFAE, ar neamhréir le cumhacht na gcúirteanna náisiúnta tarchuir chun réamhrialú a dhéanamh faoin dara mír d'Airteagal 267 CFAE agus, dá bhrí sin, an bhfuil sé neamh-infheidhme maidir le horduithe tarchuir a ghlacadh?"

31. Chuir QB, Mercedes-Benz Group agus an Coimisiún Eorpach tuairimí i scríbhinn isteach. Chuir na páirtithe sin, agus Rialtas na Gearmáine, barúlacha ó bhéal i láthair freisin ag an éisteacht a tionóladh an 8 Márta 2022.

IV. Anailís

A. Réamhbharúlacha

32. Tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios gurb ionann an fhuinneog theochta atá faoi chaibidil, de réir a measúnaithe shealadaigh, agus feiste sháraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 3(10) de Rialachán Uimh. 715/2007, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(2)(a) den Rialachán sin. Má laghdaítear éifeachtacht an chórais rialaithe astaíochtaí truailleán a luaithe a bheidh an teocht sheachtrach os cionn 0 céim Celsius, bheadh an staid sin ann i gcoinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo i ngnáthoibriú agus i ngnáthúsáid feithicle, de réir bhrí Airteagal 3(10). Cuireann an chúirt sin in iúl freisin nach féidir paraiméadair na tástála formheasa a bhrath de bharr na fuinneoige teochta atá i gceist chun leibhéal na n-astaíochtaí truailleán a fhíorú, ós rud é nach gceanglaítear an eilimint sin le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 ná leis an mbreithiúnas in*CLCV*. Ina theannta sin, níl an fhuinneog sin údaraithe de mhaolú ar bhonn Airteagal 5(2)(a) den Rialachán sin, ós rud é gur luadh sa bhreithiúnas sin nach féidir ach na rioscaí láithreacha go ndéanfar damáiste as a n-eascraíonn baol sonrach le linn thiomáint na feithicle a dhlisteanú chun údar cuí a thabhairt d'úsáid feiste sháraithe. [11] Sa chás seo, maíonn Mercedes-Benz Group gurb é cuspóir na fuinneoige teochta atá i gceist cosc a chur ar fhosuithe neamh-inmhianaithe san inneall, is é sin le rá, é a chosaint ar chaitheamh agus cuimilt, nach ndealraíonn sé, de réir na cúirte sin, go sásaíonn sé na ceanglais dhochta atá leagtha síos ag an gCúirt chun go mbeadh feiste sháraithe dleathach.

[11] Féach an breithiúnas in *CLCV*, mír 114.

33. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara, sa bhreithiúnas in *CLCV*, gur chinn an Chúirt nach mór Airteagal 3(10) de Rialachán Uimh. 715/2007 a léiriú sa chiall go gciallaíonn sé gurb ionann feiste sháraithe agus feiste a bhraitheann aon pharaiméadar atá nasctha le nósanna imeachta formheasa a stiúradh dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, d'fhonn feidhmíocht an chórais rialaithe astaíochta a fheabhsú le linn na nósanna imeachta sin chomh maith le formheas na feithicle a fháil agus, ar an gcaoi sin, gur "feiste sháraithe" í de réir bhrí na forála sin, fiú más féidir an feabhsú sin a urramú, ar bhonn ad hoc, faoi ghnáthchoinníollacha úsáide feithicle.[12] Thairis sin, tá sé ráite ag an gCúirt nach mór Airteagal 5(2) (a) den Rialachán sin a léiriú sa chaoi is go gciallaíonn sé nach féidir le feiste sháraithe lena bhfeabhsaítear go córasach, le linn nósanna imeachta formheasa, feidhmíocht córais rialaithe astaíochtaí na bhfeithiclí a chomhlíonadh chun na teorainneacha astaíochtaí a leagtar síos leis an Rialachán sin a chomhlíonadh, agus, ar an dóigh sin, formheas na bhfeithiclí sin a fháil, nach féidir léi teacht faoin eisceacht ón toirmeasc ar fheistí den sórt sin a leagtar síos san fhoráil sin, a bhaineann leis an inneall a chosaint ar dhamáiste nó ar thionóisc agus leis an inneall a oibriú go sábháilte, fiú má chabhraíonn an fheiste sin le haosú nó tachtadh an innill sin a chosc.[13]

34. Bhain an cás ba chúis leis an mbreithiúnas in *CLCV* le feithiclí a bhí feistithe le bogearraí atá in ann an córas rialaithe astaíochtaí truailleán gásach a mhodhnú i gcomhréir le coinníollacha tiomána.[14] Leis na bogearraí sin, bhíothas in ann na paraiméadair a fhreagraíonn do pharaiméadair na tástála formheasa a bhaineann le hastaíochtaí truailleán a bhrath, a dhéantar sa tsaotharlann.

35. Murab ionann agus an cás sin, maidir le "córas lasctha", baineann na cásanna C-128/20, *GSMB Invest*; C-134/20 *Volkswagen*, chomh maith le C-145/20 *Porsche Inter Auto agus Volkswagen* le fuinneog theochta, mar atá sna príomhimeachtaí. I mo Thuairim chomhpháirteach sna trí chás sin,[15] mhol mé go mbreithneodh an Chúirt nach mór Airteagal 3(10) de Rialachán Uimh. 715/2007, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(1) den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi go gciallaíonn gurb ionann "feiste sháraithe" agus feiste, faoi fhíorchoinníollacha tiomána mótarfheithicle, lena ndéantar athshruthú gáis sceite ina iomláine a chinntiú ach amháin nuair atá an teocht sheachtrach idir 15 agus 33 chéim Celsius agus nuair atá airde an tiomána níos lú ná 1 000 méadar, nuair, taobh amuigh den fhuinneog seo, in aghaidh na 10 gcéim Celsius, agus os cionn 1,000 méadar airde, in aghaidh na 250 méadar, go laghdaíonn ráta athshruthaithe gáis sceite go líneach go 0, arb é an toradh a bhí air ná méadú os cionn na lua-channa teorainn arna leagan síos sa Rialachán sin ar astaíochtaí NOx.[16]

36. Sa chás seo, tugann an chúirt a rinne an tarchuir dá haire go sonraítear leis an teocht sheachtrach an laghdú ar an ráta athshruthaithe gáis sceite agus go bpléitear méid an laghdaithe sin idir na páirtithe sna príomhimeachtaí. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, nach bhfuil ach dlínse aici fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí a shuíomh agus a mheas, scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina n-oibríonn an fhuinneog theochta atá faoi chaibidil. Mar a luaigh mé i mo Thuairim,[17] de réir sonraí oifigiúla, ba é 9.6 céim Celsius an mheánteocht bhliantúil sa Ghearmáin in 2017, 10.4 céim Celsius in 2018 agus 10.2 céim Celsius in 2019. I

[12] An breithiúnas in *CLCV*, mír 102.

[13] An breithiúnas in *CLCV*, mír 115.

[14] An breithiúnas in *CLCV*, mír 2.

[15] Féach mír 1 den Tuairim seo.

[16] Mír 104 den Tuairim seo.

[17] Féach mír 100 den Tuairim sna cásanna *GSMB Invest*, *Volkswagen agus Porsche Inter Auto agus Volkswagen* (C-128/20, C-134/20 agus C-145/20, EU:C:2021:758)

bhfianaise na sonraí sin agus na meánteochta bliantúla i mBallstáit eile an Aontais, [18] is faoin gcúirt sin atá sé a fhíorú, de réir mar a mheasann sí, an laghdaítear leis na bogearraí atá i gceist éifeachtacht an chórais rialaithe astaíochtaí truailleán faoi "choinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo i ngnáthoibriú agus i ngnáthúsáid feithicle". Más amhlaidh atá, b'ionann na bogearraí sin agus "feiste sháraithe" de réir bhrí Airteagal 3(10) de Rialachán Uimh. 715/2007.

37. Más amhlaidh an cás, aontaím leis an gcúirt a rinne an tarchur nach féidir údar cuí a thabhairt don fheiste sin faoi Airteagal 5(2)(a) den Rialachán sin más é an t-aon chuspóir atá aici ná cabhrú le haosú nó tachtadh an innill a chosc. [19] Dar liom, is i gcás ina gcothaítear mífheidhmiú leis na fosuithe arna gcruthú le linn na gáis sceite a athshruthú amháin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le rioscaí tobanna agus láithreacha lena ndéanfar damáiste don inneall féin, as a n-eascraíonn baol sonrach le linn thiomáint na feithicle, fiú má dhéantar an fheithicil a chothabháil go rialta agus go leordhóthanach, go bhféadfadh feiste sháraithe den sórt sin teacht faoi Airteagal 5(2)(a). [20] Arís, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú an bhféadfadh mífheidhm den sórt sin teacht chun cinn.

38. I gcás ina ndeimhníonn an chúirt sin, ag deireadh na seiceálacha sin, a measúnú ar dá réir gurb ionann an fhuinneog theochta atá i gceist agus feiste sháraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2)(a) de Rialachán Uimh. 715/2007, tagann an cheist chun cinn maidir leis an gceart atá ag ceannaitheoir feithicle atá feistithe le feiste den sórt sin chun cúiteamh a fháil, ar ceart é is ábhar do na chéad sé cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú.

B. An chéad cheist agus an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

39. Lena céad cheist agus lena dara ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaitear Airteagail 18(1), 26(1) agus 46 de Threoir 2007/46 a léiriú ar chaoi a gciallaíonn go gcoisctear leo leasanna ceannaitheora aonair mótarfheithicle, go háirithe an leas gan feithicil a cheannach i gcás ina bhfuil sí feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007.

40. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, go leanann sé ó aithrisí 1, 5 agus 6 de Rialachán Uimh. 715/2007 gurb é is cuspóir don Rialachán sin ná ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú laistigh den Aontas. [21] Ní thagraíonn an Rialachán sin ach aon uair amháin do na téarmaí "custaiméir" agus "úsáideoir", eadhon, in aithris 17, dá réir "nach mór a áirithiú go gcuirfear eolas cruinn oibiachtúil ar fáil *do chustaiméirí agus d'úsáideoirí*" [22] maidir le hídiú breosla agus astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin feithiclí. Thairis sin, leagtar amach in Airteagal 4(3) den Rialachán sin: "Déanfaidh déantóirí figiúirí astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídithe breosla a leagan amach i ndoiciméad a thabharfar do *cheannatheoir* na feithicle tráth an cheannaigh". [23] Is é seo an t-aon tagairt do "ceannaitheoir" i rith an Rialacháin chéanna. Dá bhrí sin, leagtar síos le Rialachán Uimh. 715/2007 oibleagáidí sonracha chun an custaiméir agus ceannaitheoir tomhaltais na feithicle lena mbaineann a chur ar an eolas ionas go mbeidh siad in ann a chinneadh, agus

[18] Féach freisin mír 100 den Tuairim sin.

[19] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *CLCV*, mír 115.

[20] Féach, chuige sin, míreanna 125 agus 126 de mo Thuairim sna cásanna *GSMB Invest, Volkswagen agus Porsche Inter Auto agus Volkswagen* (C-128/20, C-134/20 agus C-145/20, EU:C:2021:758)

[21] Féach an breithiúnas in *CLCV* mír 86, 87 agus 113.

[22] An bhéim curtha leis.

[23] An bhéim curtha leis.

láneolas acu ar na fíricí acu, an gceannóidh nó nach gceannóidh siad an fheithicil sin. Is cosúil, áfach, go bhfuil na hoibleagáidí faisnéise sin mar chuid den chuspóir atá á shaothrú leis an Rialachán sin go mbeadh ardleibhéal cosanta ann don chomhshaol trí astaíochtaí truailleán a laghdú. Lasmuigh de na hoibleagáidí sin, ní bhunaítear leis an Rialachán sin nasc sainráite idir déantóir feithiclí agus ceannaitheoir aonair feithicle chun a leasanna a chosaint.

41. Chuige sin, foráiltear le hAirteagal 5(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 715/2007 go ndéanfaidh an déantóir feithiclí a fheistiú sa chaoi is go ndéanfar na comhpháirteanna ar dócha go mbeidh tionchar acu ar astaíochtaí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil sa chaoi is go gcumasófar d'fheithiclí, sa ghnáthúsáid, an Rialachán sin agus a bhearta cur chun feidhme a chomhlíonadh agus, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, go bhfuil toirmeasc ar úsáid feistí sháraithe lena laghdaítear éifeachtacht na gcóras rialaithe astaíochtaí. Dá bhrí sin, is le déantóirí amháin a bhaineann na forálacha sin. Dá bhrí sin, aontaím leis an gCoimisiún nach bhfuil sé d'aidhm ag an Rialachán sin, agus go háirithe Airteagal 5(1) agus (2) de, leasanna ceannaitheora aonair mótarfheithicle atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach a chosaint.

42. D'fhonn an chéad dá cheist dá dtagraítear a fhreagairt, áfach, ní mór Rialachán Uimh. 715/2007 a chur ina chomhthéacs. Is í Treoir 2007/46, ar treoir í lena mbunaítear *creat* chun mótarfheithiclí a cheadú, an bunghníomh i ndáil leis an Rialachán sin. Mar a luaitear in aithris 3 den Treoir sin, ba cheart gurbh é príomhchuspóir na ngníomhartha rialála lena sainmhínítear na ceanglais theicniúla is infheidhme ná ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre, ardleibhéal cosanta don tsláinte agus don chomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus cosaint in aghaidh úsáid neamhúdaraithe a áirithiú. Mar sin féin, i mo thuairimse, i gcontrárthacht leis an méid a áitíonn Mercedes-Benz Group agus Rialtas na Gearmáine, is léir ó fhorálacha na Treorach sin go bhfuil sé d'aidhm acu freisin leasanna ceannaitheora aonair feithicle atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach a chosaint.

43. In Airteagal 3(5) de Threoir 2007/46 sainmhínítear "cineálcheadú CE" mar "nós imeachta trína ndeimhníonn Ballstát go gcomhlíonann cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh forálacha riaracháin ábhartha agus ceanglais theicniúla ábhartha na Treorach seo agus na ngníomhartha rialála atá liostaithe in Iarscríbhinn IV nó in Iarscríbhinn XI" a ghabhann leis an Treoir sin. In Iarscríbhinn IV, dar teideal "Liosta de cheanglais chun críocha chineálcheadú CE feithiclí", tagraítear, i gCuid I, dar teideal "Gníomhartha rialála maidir le cineálcheadú CE feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta", do Rialachán Uimh. 715/2007 maidir le "hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma tráchtála (Euro 5 agus Euro 6)/rochtain ar fhaisnéis".

44. Thairis sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 5(1) de Threoir 2007/46 "Tá déantóir freagrach don údarás formheasa as gach gné den phróiseas formheasa agus as comhréireacht táirgeachta a áirithiú, is cuma cibé acu a bhfuil baint dhíreach acu le gach céim de thógáil na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh nó nach bhfuil". Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an déantóir Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 a chomhlíonadh agus é ag cur isteach ar chineálcheadú CE d'fheithiclí.

45. Cé go bhfuil comhlíonadh na gceanglas sin riachtanach chun críocha an chineálcheadaithe CE sin, ba cheart a chur in iúl go mbaineann an comhlíonadh sin go díreach le ceannaitheoir aonair feithicle freisin, *trí mheán na deimhneachta comhréireachta*. Sainmhínítear an méid sin in Airteagal 3(36) de Threoir 2007/46 mar "an doiciméad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, arna eisiúint ag an déantóir lena ndeimhnítear go gcomhlíonann feithicil ar chuid den tsraith den chineál arna cheadú faoin Treoir seo í, gach gníomh rialála tráth a táirgthe". Áirítear in

Iarscríbhinn IX, dar teideal "Deimhniú comhréireachta CE", pointe 0, dar teideal "Cuspóirí", ar dá réir is ionann an deimhniú comhréireachta agus dearbhú arna eisiúint ag *déantóir na feithicle don cheannaitheoir* d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann an fheithicil atá ceannaithe aige an reachtaíocht atá i bhfeidhm san Aontas tráth a táirgthe.[24] Dá bhrí sin, le Treoir 2007/46, murab ionann agus Rialachán Uimh. 715/2007, bunaítear *nasc sainráite* idir déantóir na feithicle agus ceannaitheoir aonair feithicle, chun a áirithiú go gcomhlíonann an fheithicil a cheannaítear reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

46. Sa chomhthéacs sin, sonraítear in Airteagal 18(1) de Threoir 2007/46 go n-eiseoidh an déantóir, ina cháil mar shealbhóir de chineálcheadú CE feithicle, deimhniú comhréireachta a bheidh ag gabháil le gach feithicil arna déanamh i gcomhréir leis an gcineál feithicle ceadaithe. Tá an doiciméad sin riachtanach le haghaidh clárúcháin nó díolacháin de bhun Airteagal 26(1) den Treoir sin. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 46 den Treoir sin go gcinnfidh na Ballstáit na pionóis is infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh fhorálacha na Treorach sin, go háirithe na toirmisc atá in Airteagal 31 nó atá mar thoradh air, agus na gníomhartha rialála atá liostaithe i gCuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2007/46 agus go nglacfaidh siad gach beart is gá chun iad a chur chun feidhme. De réir chásdlí na Cúirte, saothraítear le hAirteagal 46 go príomha an cuspóir chun margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú a bhfuil iomaíocht chóir idir déantóirí mar shaintréith de agus, sa bhreis ar an gcuspóir sin, nach mór a áirithiú leis na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 46 go mbeidh deimhniú comhréireachta ag an *gceannaitheoir feithicle* lena gcuirfear ar a chumas, i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir sin, an margadh sin a chlárú in aon Bhallstát gan bheith air doiciméid theicniúla bhreise a chur ar fáil.[25]

47. Leanann sé as na forálacha éagsúla sin de Threoir 2007/46 nach mór don déantóir, go háirithe i gcomhthéacs chineálcheadú CE, na ceanglais a bhaineann le feistí sáraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 715/2007 a chomhlíonadh. Is ansin amháin inar féidir leis an déantóir sin deimhniú comhréireachta a eisiúint chuig ceannaitheoir feithicle, lena gceadaítear don cheannaitheoir sin an fheithicil sin a chlárú nó a dhíol. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an deimhniú sin, ar ráthaíocht é, an ceannaitheoir a chosaint ar mhainneachtain an déantóra a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le feithiclí a chomhlíonann Rialacháin an Aontais is infheidhme a chur ar an margadh.

48. Mar sin féin, féadfar cineálcheadú CE a fháil, go háirithe nuair nach raibh an comhlacht ceadaithe ar an eolas go raibh feiste sháraithe neamhdhleathach ann de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 715/2007.[26] Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an fheithicil lena mbaineann ag freagairt don chineál ceadaithe. I gcomhthéacs feithicil a dhíol ar leithligh atá feistithe le feiste aindleathach den sórt sin, níl deimhniú comhréireachta cruinn ag an bhfeithicil sin agus ní féidir, faoi Airteagal 26(1) de Threoir 2007/46, í a chlárú ná a athdhíol. Sa chás sin, níor cosnaíodh leasanna cheannaitheoir na feithicle sin, rud a dhéanann damáiste don fheithicil sin.

49. Ina theannta sin, mar a chinn an Chúirt, déantar damáiste ábhartha don cheannaitheoir mar thoradh ar chaillteanas luacha na feithicle lena mbaineann agus mar thoradh air sin, mar a léirítear le feistiú na mbogearraí lena ndéantar ionramháil ar na sonraí a bhaineann le scaoileadh an gháis sceite, rinneadh an íocaíocht chun an fheithicil sin a fháil i gcomaoin feithicle atá lochtach agus, dá

[24] I bhfianaise na foclaíochta sin, ní thagaim leis an tuairim a chuir Mercedes-Benz Group chun cinn ag an éisteacht nach é an ceannaitheoir seolaí an deimhnithe comhréireachta.

[25] Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Ghearmáin* (C-668/16, EU:C:2018:802, mír 87).

[26] Féach, chuige sin, mír 149 den Tuairim sna cásanna*GSMB Invest, Volkswagen agus Porsche Inter Auto agus Volkswagen* (C-128/20, C-134/20 agus C-145/20, EU:C:2021:758)

bhrí sin, a bhfuil luach níos ísle uirthi.[27] Cothaítear, le seilbh fheithicil nach gcomhlíonann forálacha dhlí an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil trí astaíochtaí truailleán lena sáraítear na luachanna teoranna a astú, damáiste morálta chomh maith don cheannaitheoir.

50. Sna himthosca sin, molaim gur cheart gurb é an freagra atá le tabhairt ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ná nach mór Airteagail 18(1), 26(1) agus 46 de Threoir 2007/46 a léiriú ar chaoi go gcuirtear cosc leo ar leasanna ceannaitheora aonair mótarfheithicle, go háirithe an leas gan feithicil a cheannach nuair atá sí feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007.

C. An tríú ceist go dtí an séú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

51. Lena tríú go dtí an séú ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile,[28] iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Treoir 2007/46 a léiriú ar chaoi go gceanglaítear ar na Ballstáit léi foráil a dhéanamh ionas go mbeadh sé de cheart ag ceannaitheoir feithicle cúiteamh a fháil ón déantóir feithicle i gcás ina bhfuil an fheithicil feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 agus, má tá, cé mhéid is gá do na Stáit sin foráil a dhéanamh don tairbhe a bhaintear as úsáid iarbhír na feithicle sin i gcoinne mhéid an chúitimh.

52. Mar réamhphointe, tugaim faoi deara gur thug QB a chaingean i gcoinne Mercedes-Benz Group, eadhon, an déantóir, agus ní i gcoinne an duine a dhíol an fheithicil athláimhe sin leis. Dá bhrí sin, ní féidir feidhm a bheith ag Treoir 1999/44/CE,[29] a bhaineann leis an gcaidreamh idir an custaiméir agus an díoltóir, i gcás amhail an cás sna príomhimeachtaí. Thairis sin, ní raibh QB ag brath ar Threoir 2005/29/CE,[30] maidir le cleachtais tráchtála éagothroma ach bhí sé ag brath ar dhliteanas tortach, dá bhforáiltear le forálacha BGB. Sa chomhthéacs sin, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach a mhéid atá an reachtaíocht náisiúnta ag luí le dlí an Aontais maidir leis an gceart chun cúiteamh a fháil agus maidir leis an modh chun cúiteamh a ríomh.

53. Maidir le dliteanas tortach, is léir ón bhfreagra atá beartaithe agam ar an gcéad dá cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú go gcruthaítear le Treoir 2007/46 cearta i bhfabhar an cheannaitheora ina chuid déileálacha leis an déantóir i gcás inar cheannaigh sé feithicil a bhí feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 46 den Treoir sin go gcinnfidh na Ballstáit na pionóis is infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh na ngníomhartha rialála a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin agus go gcuirfear chun feidhme iad le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.[31] Dá bhrí sin, tá feidhm ag an

[27] Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Verein für Konsumenteninformation* (C-343/19, EU:C:2020:534, mír 34).

[28] Deir an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil sí ag cur an tríú ceist má thugtar freagra diúltach ar an gcéad cheist. Thairis sin, is fo-cheist den tríú ceist í an ceathrú ceist. Chun freagra úsáideach a thabhairt don chúirt sin, áfach, díreoidh mé ar na saincheisteanna go léir le chéile a bhaineann leis an gceart chun cúiteamh a fháil agus lena raon feidhme.

[29] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le gnéithe áirithe de dhíol earraí tomhaltais agus na ráthaíochtaí lena mbaineann (IO 1999 L 171, lch. 12).

[30] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagothroma") (IO 2005 L 149, lch. 22).

[31] Mar fhreagra ar cheist i scríbhinn ón gCúirt Bhreithiúnais, shoiléirigh Rialtas na Gearmáine cineál na bpionós éagsúil a cuireadh i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta i bhfianaise Airteagal 46 de Threoir 2007/46 agus Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 715/2007.

Airteagal sin maidir leis an gcás ina bhfuil, chun críocha chineálcheadú CE, na feithiclí lena mbaineann feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de shárú ar Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007. [32]

54. Dá bhrí sin, ní mór na pionóis sin a bheith chun tairbhe ní hamháin an Ballstát lena mbaineann, i gcomhthéacs chineálcheadú CE, ach chun tairbhe ceannaitheora aonair feithicle freisin a bhfuil feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach. Is é sin le rá, le Treoir 2007/46 ceanglaítear ar na Ballstáit a fhoráil go bhfuil sé de cheart ag ceannaitheoir feithicle cúiteamh a fháil i gcás ina bhfuil locht ar an déantóir as feithicil den sórt sin a chur ar an margadh. Ní luaitear sa Treoir sin, áfach, ach go gcaithfidh na Stáit sin pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm. [33]

55. De réir chásdlí socair na Cúirte, in éagmais rialacha ó dhlí an Aontais, is faoi na Ballstát atá sé na cúirteanna agus na binsí a bhfuil dlínse acu a shannadh agus na socruithe nóis imeachta a leagan síos lena rialaítear caingne dlí chun na cearta arna bhfáil ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais a chosaint. [34] Dá réir sin, faoi réir an chirt chun cúiteamh a fháil, a bhfuil bunús díreach aige i ndlí an Aontais chomh fada is go gcomhlíontar na coinníollacha is gá, is laistigh de chreat an dlí náisiúnta um dhliteanas gur riachtanas é a mheas conas a dhéanfaí an damáiste arna dhéanamh a chúiteamh, agus an tuiscint ann go gcaithfeadh na coinníollacha arna leagan síos leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le cúiteamh i leith damáistí pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a cheadú.

56. Sa chás seo, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais nach mbeadh ceannaitheoir feithicle atá feistithe le feiste sháraithe sin i dteideal éilimh shibhialta ar bhonn dliteanais thortaigh a thabhairt i gcoinne an déantóra ach amháin sna himthosca ina ndearna an déantóir sin damáiste do dhaoine eile le hintinn, ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus le prionsabail na moráltachta, de réir bhrí Alt 826 de BGB.

57. Ina thaobh seo, i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta, [35] is faoin gcúirt seo atá sé a scrúdú an gcothaítear ródheacracht leis na coinníollacha arna leagan síos in Alt 826 de BGB do cheannaitheoir feithicle a cheart chun cúiteamh a fháil faoi Threoir 2007/46 a fheidhmiú. Má thugtar freagra dearfach ar an gceist sin, ní bheadh na rialacha nós imeachta náisiúnta sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

58. Ag an gcéim seo, tugaim faoi deara, sa bhreith a thug sí, gur áitigh an chúirt a rinne an tarchur nach dócha go gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Alt 826 de BGB, mar a léirigh na cúirteanna náisiúnta iad, Airteagal 46 de Threoir 2007/46, ós rud é nach gcomhlíonann ach cásanna eisceachtúla na coinníollacha sin agus, dá bhrí sin, de réir mar atá an dlí faoi láthair, ní

[32] Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta Mengozzi faoi deara ina Thuairim in *an Coimisiún v an Ghearmáin* (C-668/16, EU:C:2018:230, mír 94), ní mór an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 46 de Threoir 2007/46 pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur maidir le neamhchomhlíonadh fhorálacha na Treorach sin a chur i bhfeidhm beag beann ar an oibleagáid comhréireacht a athbhunú leis an gcineál ceadaithe a leagtar síos in Airteagail 12 agus 30 den Treoir sin.

[33] Chun na críche céanna, foráiltear le hAirteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2007 go leagfaidh na Ballstáit síos forálacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin sin ag déantóirí agus go ndéanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad, na pionóis dá bhforáiltear nach mór a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

[34] Breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *ORLEN KolTrans* (C-563/20, EU:C:2022:113, mír 63 agus an cásdlí a luaitear). Sna barúlacha uaidh i scríbhinn, tagraíonn Mercedes-Benz Group, go háirithe, do bhreithiúnas an 16 Feabhra 2017, *Schmitt* (C-219/15, EU:C:2017:128, míreanna 49 go 60), chun a mheas nach bhfuil aon cheart chun cúiteamh a fháil ag ceannaitheoir na feithicle i gceist. Feictear domsa, áfach, go bhfuil an réasúnaíocht a leanadh sa bhreithiúnas sin ar aon dul leis an réasúnaíocht a mholaim sa chás reatha.

[35] Maidir leis an bprionsabal sin, féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi* (C-561/19, EU:C:2021:799, mír 63 agus an cásdlí a luaitear).

heagal leis an déantóir caingean le haghaidh damáistí, agus mar thoradh air sin, níl aon dreasacht aige cloí go mionchúiseach le forálacha dhlí an Aontais chun cosc a chur ar a dhliteanas tortach a thionscnamh. [36]

59. Dá ndeimhneodh an chúirt a rinne an tarchur an measúnú sin, bheadh uirthi ansin tagairt a dhéanamh d'Alt 823(2) de BGB, a bhfuil faillí lena cur i bhfeidhm, de réir na cúirte sin. Tugaim faoi deara, de réir na cúirte sin, fiú mura raibh sé d'aidhm ag forálacha ábhartha dhlí an Aontais ach an leas ginearálta a chosaint, gur dócha nach gcloífí leo ach amháin dá ngearrfar pionós ar an sárú faillíoch freisin le ceart ceannaitheoirí chun cúiteamh a fháil atá bunaithe ar dhliteanas tortach na ndéantóirí agus dá mbeadh ar na déantóirí iad a chur san áireamh ón tús.

60. Ar an dara dul síos, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach, i gcomhthéacs an chirt chun cúiteamh a fháil do cheannaitheoir feithicle atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, nach féidir an tairbhe a bhaintear as úsáid iarbhír na feithicle sin a fhritháireamh in aghaidh aisíocaíocht phraghas ceannaigh na feithicle sin.

61. Mar is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais, maidir leis an bhfoirm agus an modh chun cúiteamh as damáiste a ríomh, ní mór cúiteamh i leith damáistí a dhéantar do dhaoine aonair mar gheall ar sháruithe ar dhlí an Aontais a bheith leordhóthanach i leith an damáiste a fulaingíodh, chun a áirithiú go gcosnófar a gcearta go héifeachtach. [37] Mar atá ráite cheana féin, is faoi dhlí náisiúnta na mBallstát atá sé rialacha a leagan síos maidir leis an modh chun cúiteamh a ríomh as damáiste a dhéantar do dhuine mar gheall ar shárú ar fhorálacha Threoir 2007/46. [38] I ndáil leis sin, tá na cúirteanna náisiúnta i dteideal a áirithiú nach saibhreofar go héagórach iad siúd ar sealbhóirí cearta iad mar thoradh ar chosaint na gceart a ráthaítear le dlíchóras an Aontais. [39]

62. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, mar sin, a fháil amach cá mhéad a d'áiritheodh fritháireamh an tairbhe a bhaintear as úsáid iarbhír na feithicle — faoi ghnáthchoinníollacha úsáide na feithicle — in aghaidh aisíocaíocht phraghas ceannaigh na feithicle, go dtabharfaí cúiteamh leordhóthanach don cheannaitheoir. Dearbhaíonn an chúirt sin, go dtí dáta na héisteachta a tionóladh os a comhair, gur thaistil QB níos mó ná 60 000 km leis an bhfeithicil atá faoi chaibidil agus, dá mba rud é go mbeadh cur síos le déanamh ar an tairbhe a bhaintear as úsáid na feithicle, ba cheart an caillteanas luacha don fheithicil sin a mheas d'fhonn méid an fhritháir-imh a ríomh. I ndáil leis sin, mar is léir ón gcásdlí a luaitear go dtí seo sa Tuairim seo, tá údar maith ag an gcúirt sin a chur san áireamh nach saibhriú éagórach QB a bheadh i gceist le cosaint na gceart a ráthaítear le Treoir 2007/46. Dá bhrí sin, féadfar an tairbhe a bhaintear as úsáid iarbhír na feithicle i gceist a fhritháireamh in aghaidh aisíocaíocht phraghas ceannaigh na feithicle sin. Mar sin féin, feictear domsa, dá mba rud é nach bhfaigheadh QB aon chúiteamh ar deireadh as an damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar an bhfritháireamh sin, ní chinnteodh an modh ríofa sin cosaint éifeachtach an damáiste sin agus ní bheadh sé i gcomhréir le dlí an Aontais.

63. Ar an tríú dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá an tairbhe a bhaintear as úsáid na feithicle a ríomh ar bhonn phraghas ceannaigh iomlán na feithicle sin, gan aon asbhaint a dhéanamh i leith caillteanas luacha a eascraíonn as suiteáil feiste sháraithe neamhdhleathaigh agus/nó i ndáil le húsáid feithicle nach gcomhlíonann dlí an Aontais. Arís, in éagmais rialacha

[36] Chuir Mercedes-Benz Group an cinneadh sin ón gcúirt a rinne an tarchur faoi dhíospóid, agus iad ag áitiú go bhféadfadh fíneálacha suntasacha agus pionóis shuntasacha a bheith ann mar thoradh ar sháruithe ar dhlí an Aontais ag déantóirí.

[37] Féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Samhain 2010, *Fuß* (C-429/09, EU:C:2010:717, mír 92 agus an cásdlí a luaitear).

[38] Féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Samhain 2010, *Fuß* (C-429/09, EU:C:2010:717, mír 94).

[39] Féach, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Balgarska Narodna Banka* (C-501/18, EU:C:2021:249, mír 125 agus an cásdlí a luaitear).

dhlí an Aontais, ní faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé dul isteach go domhain i ndlí na mBallstát chun a léiriú conas is ceart cúiteamh as an damáiste a rinneadh a ríomh. [40] Is é an t-aon cheanglas faoi dhlí an Aontais nach mór an cúiteamh a bheith leordhóthanach, is é sin le rá, cosaint éifeachtach chearta an cheannaitheora a áirithiú.

64. Ar deireadh, tugaim faoi deara, cé nach mór do dhéantóirí feithiclí le haghaidh feithiclí nua [41] na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2007/46, go háirithe cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 715/2007 a chomhlíonadh, baineann siad freisin le feithiclí athláimhe, i gcomhthéacs dliteanais thortaigh, i gcás ina bhfuil locht ar dhéantóir maidir le feiste sháraithe neamhdhleathach a fheistiú.

65. I bhfianaise an méid sin go dtí seo, molaim gurb é an freagra is cóir a thabhairt ar an tríú ceist go dtí an séú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ná nach mór Treoir 2007/46 a léiriú ar chaoi a gciallaíonn go gceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an ceart ag ceannaitheoir feithicle cúiteamh a fháil i gcoinne déantóra feithicle i gcás ina bhfuil sí feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007. Is faoi na Ballstáit atá sé rialacha a leagan síos maidir leis an modh chun cúiteamh a ríomh as an damáiste a dhéantar don cheannaitheoir, ar choinníoll, i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta, gur leor an cúiteamh sin i leith an damáiste a fulaingíodh.

D. An seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

66. De réir an seachtú ceist atá aici, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 267 CFAE a léiriú ar chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh an breitheamh aonair a bhfuil dlínse aige rialú a dhéanamh ar dhíospóid, ceist a tharchur chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú i gcás amháin inar tharchuir an chúirt sin an díospóid sin chuig dlísheomra sibhialta roimhe sin, a chinn gan an cás a éisteacht.

1. Inghlacthacht

67. D'áitigh Mercedes-Benz Group nach bhfuil an seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú doghlactha ar an bhforas nach bhfuil dlínse ag an gCúirt, in imeachtaí arna dtionscnamh faoi Airteagal 267 CFAE, rialú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an dlí náisiúnta le dlí an Aontais. [42]

68. Leag Rialtas na Gearmáine béim ag an éisteacht nach bhfuil an tsaincheist seo ábhartha chun críocha na bpríomhimeachtaí.

69. Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil amhras air maidir le hinghlacthacht na ceiste sin. Ní bheadh freagra ar an gceist sin ábhartha chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach, a bhaineann le ceart chun cúiteamh a fháil a bheith ann do cheannaitheoir feithicle mar gheall ar fheiste sáraithe neamhdhleathach a úsáid. Ina theannta sin, dealraíonn sé go bhfuil an cheist sin hipitéiseach. Mar is léir ón ordú tarchuir, ní raibh an t-ordú sin ina ábhar caingne an tráth a tarchuireadh chun na Cúirte é. Dá bhrí sin, dealraíonn sé nach mbeadh freagra a d'fhéadfadh a

[40] Chuige sin, aontaím le Rialtas na Gearmáine go gcaithfidh na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh, trína ndlí tortach a chur i bhfeidhm, conas an damáiste a d'fhulaing duine aonair a chúiteamh. Ba mhaith liom a rá freisin, áfach, nach mór don dlí tortach sin na prionsabail atá leagtha síos i ndlí an Aontais a chomhlíonadh.

[41] Féach breithiúnas an 24 Eanáir 2019, *RDW agus páirtithe eile* (C-326/17, EU:C:2019:59, mír 61).

[42] Tagraíonn an chuid sin go háirithe do bhreithiúnas an 29 Samhain 2001, *De Coster* (C-17/00, EU:C:2001:651, mír 23).

bheith ann ar an seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú de chineál a thabharfadh léiriú ar dhlí an Aontais don chúirt a rinne an tarchur ionas go mbeadh ar a cumas rialú ar cheisteanna nóis imeachta an dlí náisiúnta sula bhféadfadh sí rialú ar shubstaint na díospóide atá os a comhair. [43]

70. Maidir le hinghlacthacht an seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, is léir ón ordú tarchuir go gceanglaítear faoin dlí náisiúnta ar an mbreitheamh aonair a bhfuil díospóid á héisteacht aige, an cás a tharchur chuig dlísheomra sibhialta ionas go bhféadfar é a athscrúdú i gcás ina mbeadh deacrachtaí fíorasacha nó dlíthiúla ar leith ag baint leis nó a mbeadh tábhacht bhunúsach ag baint leis. Mar thoradh ar an ordú sin, níor chuir an chúirt rinne an tarchur, eadhon, breitheamh aonair, an cás reatha ar aghaidh chuig dlísheomra sibhialta agus rinne sí é a tharchur díreach ar aghaidh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

71. De réir cásdlí socair, ní féidir leis an gCúirt diúltú do rialú a dhéanamh ar cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach é nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi. [44]

72. I ndáil leis sin, baineann an díospóid sna príomhimeachtaí leis an gceart chun cúiteamh a fháil agus leis an modh chun an ceart sin a ríomh i ndáil le ceannaitheoir aonair feithicle atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007. De réir chásdlí na Cúirte, fiú má ghlactar leis, i gcomhréir leis na rialacha nóis imeachta náisiúnta ábhartha, gur cheart go mbeadh an breitheamh a rinne an tarchur, ar breitheamh aonair é, tar éis an cás sna príomhimeachtaí a tharchur chuig dlísheomra sibhialta, tá na chéad sé cheist, a bhaineann leis an gceart sin chun cúiteamh a fháil, inghlactha. Ní faoin gCúirt a chinneadh ar tógadh an t-ordú tarchuir i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le heagrú na gcúirteanna agus lena nós imeachta breithiúnach. [45]

73. Baineann an seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú le léiriú ar Airteagal 267 CFAE féin, rud nach bhfuil faoi chaibidil chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach. Thairis sin, ní luann an chúirt a rinne an tarchur ach go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne dhlínse an bhreithimh aonair i gcomhthéacs achomhairc. Ar an gcéad dul síos, áfach, ní shonraíonn an chúirt sin cén iarmhairt a d'fhéadfadh teacht as an ordú tarchuir a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ní léir ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte go raibh an t-ordú tarchuir faoi achomhairc go dtí seo.

74. Sna himthosca sin, táim den tuairim nach bhfreagraíonn an léiriú arna iarraidh leis an seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do riachtanas oibiachtúil don chinneadh nach mór don chúirt a rinne an tarchur a dhéanamh. [46] Dá bhrí sin, i mo thuairimse, tá an cheist sin hipitéiseach agus, dá bhrí sin, ní mór diúltú di toisc í a bheith doghlactha.

[43] Tagraíonn an Coimisiún don ordú ón 2 Iúil 2020, *S.A.D. Maler und Anstreicher* (C-256/19, EU:C:2020:523, míreanna 44 agus 48).

[44] Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *The Department for Communities in Northern Ireland* (C-709/20, EU:C:2021:602, mír 55).

[45] Féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *Rittinger agus páirtithe eile* (C-492/17, EU:C:2018:1019, míreanna 29 go 34).

[46] Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Land Hessen* (C-272/19, EU:C:2020:535, mír 62 agus an cásdlí a luaitear). Tugaim faoi deara chomh maith gur chuir an chúirt a rinne an tarchur ceist chosúil leis i gcásanna nach raibh baint acu leis an gcás seo, go háirithe Cásanna C-336/20, *Bank 11 für Privatkunden und Handel*; C-47/21, *C. Bank agus Bank D. K.*, chomh maith le C-232/21, *Volkswagen Bank agus Audi Bank*.

2. Substaint an cháis

75. I gcás go measann an Chúirt go bhfuil an seachtú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú inghlactha, ba mhaith liom an cásdlí a thabhairt chun cuimhne, ar dá réir atá an lánrogha is leithne ag na cúirteanna náisiúnta ceist a bhaineann le léiriú na bhforálacha ábhartha de dhlí an Aontais a tharchur chuig an gCúirt, agus an lánrogha sin a mhalartú le hoibleagáid ar na cúirteanna céime deiridh, faoi réir na n-eisceachtaí a aithnítear i gcásdlí na Cúirte. Tá an lánrogha sin agus an oibleagáid sin araon ina gcuid dhílis den chóras comhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais arna bhunú le hAirteagal 267 CFAE agus d'fheidhmeanna na cúirte atá freagrach as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm a chuireann an fhoráil sin faoi chúram na gcúirteanna náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé de rogha nó d'oibleagáid, ag brath ar an gcás, ar chúirt náisiúnta a éisteann cás a tugadh chuici agus a mheasann gur eascair ceist maidir le léiriú nó bailíocht dhlí an Aontais as comhthéacs an cháis sin, ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, agus gan bac a bheith ar an lanrogha nó ar an oibleagáid sin le rialacha náisiúnta atá de chineál reachtach nó breithiúnach. [47]

76. Maidir le cúirt náisiúnta lena bhféadfaí a cinntí a bheith ina gcuid de leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta, ní chuirtear bac le hAirteagal 267 CFAE ar chinntí na cúirte sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú a bheith fágtha faoi réir na ngnáthleigheasanna dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta. Mar sin féin, ní féidir le toradh achomhairc den sórt sin teorainn a chur leis an dlínse a thugtar don chúirt sin faoi Airteagal 267 CFAE chun tarchur a dhéanamh chun na Cúirte má mheasann sí go n-eascraíonn ceisteanna maidir le léiriú na bhforálacha de dhlí an Aontais a éilíonn rialú ón gCúirt ón gcás atá ar feitheamh os a comhair. [48] Dá bhrí sin, le feidhmiú an chórais comhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta, a bunaíodh le hAirteagal 267 CFAE, agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ceanglaítear go mbeidh saoirse ag an gcúirt náisiúnta aon cheist a mheasann sí is gá [49] a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ag aon chéim den nós imeachta a mheasann sí is iomchuí, lena n-áirítear i gcás breithimh aonair. [50]

77. Dá réir sin, tá mé den tuairim go gcuirtear cosc le hAirteagal 267 CFAE ar reachtaíocht náisiúnta má éilítear leis an reachtaíocht sin ar aon bhreitheamh amháin, i gcás ina measann an breitheamh sin, i gcomhthéacs cás atá ar feitheamh os a chomhair, gur ardaíodh ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht dhlí an Aontais lena n-éilítear cinneadh ón gCúirt, an cheist sin a tharchur chuig dlísheomra sibhialta agus gurb é an toradh atá air go bhfuil cosc air tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú. [51]

47 Breithiúnas an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)* (C-564/19, EU:C:2021:949, míreanna 68 go 70 agus an cásdlí a luaitear).

48 Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Nollaig 2008, *Cartesio* (C-210/06, EU:C:2008:723, mír 93).

49 Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Adusbef agus páirtithe eile* (C-686/18, EU:C:2020:567, mír 30 agus an cásdlí a luaitear).

50 Féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *Rittinger agus páirtithe eile* (C-492/17, EU:C:2018:1019, míreanna 29 go 34).

51 Féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Aibreán 2016, *PFE* (C-689/13, EU:C:2016:199, mír 36).

V. Conclúid

78. I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, molaim don Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú ón Landgericht Ravensburg (an Chúirt Réigiúnach, Ravensburg, an Ghearmáin) a fhreagairt mar a leanas:

1) Ní mór Airteagail 18(1), 26(1) agus 46 de Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime), arna leasú, sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar leasanna ceannaitheora aonair mótarfheithicle, go háirithe an leas gan feithicil a cheannach nuair atá sí feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le feithiclí éadroma agus maidir le rochtain ó fheithiclí éadroma (Euro 5 agus Euro 6) agus faisnéis maidir le deisiúchán agus cothabháil, arna leasú.

2) Ní mór Treoir 2007/46, arna leasú, a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh sé de cheart ag ceannaitheoir feithicle cúiteamh a fháil i gcoinne déantóra feithicle i gcás ina bhfuil an fheithicil feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007. Is faoi na Ballstáit atá sé rialacha a leagan síos maidir leis an modh chun cúiteamh a ríomh as an damáiste a dhéantar don cheannaitheoir, ar choinníoll, i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta, gur leor an cúiteamh sin i leith an chaillteanais nó an damáiste a fulaingíodh.